# Éadaí 3 - An Aimsir Chaite      inné

**Thaitin**

1 Thaitin mo ghúna bándearg liom. Bhí cnaipí air

2 Thaitin mo léine ildaite liom. Níor thaitin sé liom bheith ag déanamh obair bhaile.

**Chaith**

3 Chaith na páistí éide scoile dúghorm.

4 Níor chaith an muínteoir éide scoile.

**Cheangail**

5 Cheangail an peileadóir óg a chuid iallacha.

6 Chaith na cailíní éadaí peile agus bróga reatha. Cheangail siad a n-iallacha.

**D'athraigh**

7 D'athraigh an mháthair éadaí an linbh.

8 D'athraigh an déagóir a T-léine bhán. Chuir sé léine ghorm air.

**Nigh**

9 Nigh Mamaí na héadaí salacha sa (mbáisín)/bháisín gorm sa dóirteal.

10 Nigh sí na héadaí salacha sa mheaisín níocháin.

**Thug**

11 Thug Daidí amach na héadaí fliucha ón meaisín níocháin.

12 Chuir sé na héadaí fliucha isteach sa triomadóir.

**Chroch**

13 Chroch mo chomharsa na héadaí fliucha ar an líne

14 Bhí na tuáillí fliucha ar crochadh ar an líne cois farraige.

**D' iarnáil**

15 D'iarnáil an seanfhear a léine bhán.

16 D'iarnáil an fear óg a léine ildaite.

**Bhain…... triail**

17 Bhain an bhean óg triail as péire bríste nua. Bhí an bríste róbheag di.

18 Bhain an fear óg triail as péire bríste nua. Bhí an bríste róbheag dó.

19 Bhain an iníon triail as bróga a máthar. Bhí siad rómhór di.

20 Bhain an iníon triail as éadaí a máthar. Bhí siad rómhór di.

# Foclóir

**Thaitin / liked**

1 mo ghúna bándearg / my pink dress  cnaipí / buttons

2 mo léine ildáite / my multi-coloured shirt  ag déanamh / doing  obair bhaile / homework

**Chaith / wore**

3 na páistí / the children  éide scoile dúghorm / a navy uniform

4 an múinteoir / the teacher

**Cheangail / tied**

5 an peileadóir óg / the young footballer  a chuid iallacha / his laces

6 na cailíní / the girls  éadaí peile / football géar  bróga reatha / running shoes

**D'athraigh / changed**

7 an mháthair / the mother  éadaí an linbh / the baby's clothes

8 an déagóir / the teenager  T-léine bhán / white t-shirt  léine ghorm / blue shirt

**Nigh / washed**

9 na héadaí salacha / the dirty clothes  sa dóirteal / in the sink

10 sa mheaisín níocháin / in the washing machine   sa bháisín gorm / in the blue basin

**Thug / took**

11 Daidí / Daddy  amach / out  na héadaí fliucha / the wet clothes

12 Isteach / in  triomadóir / the dryer

**Chroch / hung**

13 mo chomharsa / my neighbour  ar an líne / on the line

14 na tuaillí fliucha / the wet towels  ar crochadh / hanging  cois farraige / by the sea

**D' iarnáil / ironed**

15 an seanfhear / the old man  a léine bhán / his white shirt

16 an fear óg / the young man

**Bhain…... triail / tried**

17 an bhean óg / the young woman  péire bríste nua / a new pair of trousers  róbheag / too small

18 dó / for him     di / for her

19 an iníon / the daughter  bróga a máthair / her mother's shoes  rómhór / too big

20 éadaí / clothes

## Éadaí 3 - An Aimsir Fháistineach amárach

**Taitneoidh**

1 Taitneoidh mo ghúna bándearg liom. Beidh cnaipí air

2 Taitneoidh mo léine ildaite liom. Ní thaitneoidh sé liom bheith ag déanamh obair bhaile.

**Caithfidh**

3 Caithfidh na páistí éide scoile dúghorm.

4 Ní chaithfidh an muínteoir éide scoile.

**Ceanglóidh**

5 Ceanglóidh an peileadóir óg a chuid iallacha.

6 Caithfidh na cailíní éadaí peile agus bróga reatha. Ceangalóidh siad a n-iallacha.

**Athróidh**

7 Athróidh an mháthair éadaí an linbh.

8 Athróidh an déagóir a T-léine bhán. Cuirfidh sé léine ghorm air.

**Nífidh**

9 Nífidh Mamaí na héadaí salacha sa bháisín gorm sa dóirteal.

10 Nífidh sí na héadaí salacha sa mheaisín níocháin.

**Tabharfaidh**

11 Tabharfaidh Daidí amach na héadaí fliucha ón m(h)eaisín níocháin.

12 Cuirfidh sé na héadaí fliucha isteach sa triomadóir.

**Crochfaidh**

13 Crochfaidh mo chomharsa na héadaí fliucha ar an líne san aimsir mhaith.

14 Beidh na tuáillí fliucha ar crochadh ar an líne cois farraige.

**Iarnálfaidh**

15 Iarnálfaidh an seanfhear a léine bhán.

16 Iarnálfaidh an fear óg a léine ildaite.

**Bainfidh…... triail**

17 Bainfidh an bhean óg triail as péire bríste nua. Beidh an bríste róbheag di.

18 Bainfidh an fear óg triail as péire bríste nua. Beidh an bríste róbheag dó.

19 Bainfidh an iníon triail as bróga a máthar. Beidh siad rómhór di.

20 Bainfidh an iníon triail as éadaí a máthar. Beidh siad rómhór di.

# Foclóir

**Taitneoidh / will like**

1 mo ghúna bándearg / my pink dress  cnaipí / buttons

2 mo léine ildáite / my multi-coloured shirt  ag déanamh / doing  obair bhaile / homework

**Caithfidh / will wear**

3 na páistí / the children  éide scoile dúghorm / a navy uniform

4 an múinteoir / the teacher

**Ceanglóidh / will tie**

5 an peileadóir óg / the young footballer  a chuid iallacha / his laces

6 na cailíní / the girls  éadaí peile / football géar  bróga reatha / running shoes

**Athróidh / will change**

7 an mháthair / the mother  éadaí an linbh / the baby’s clothes

8 an déagóir / the teenager  T-léine bhán / white t-shirt  léine ghorm / blue shirt

**Nífidh / will wash**

9 na héadaí salacha / the dirty clothes  sa dóirteal / in the sink

10 sa mheaisín níocháin / in the washing machine   sa mbáisín gorm / in the blue basin

**Tabharfaidh / will take**

11 Daidí / Daddy  amach / out  na héadaí fliucha / the wet clothes

12 Isteach / in  triomadóir / the dryer

**Crochfaidh / will hang**

13 mo chomharsa / my neighbour  ar an líne / on the line  san aimsir mhaith / in the good weather
14 na tuaillí fliucha / the wet towels  ar crochadh / hanging  cois farraige / by the sea

**Iarnálfaidh / will iron**

15 an seanfhear / the old man  a léine bhán / his white shirt
16 an fear óg / the young man

**Bainfidh ..... triail / will try**

17 an bhean óg / the young woman  péire bríste nua / a new pair of trousers  róbheag / too small
18 dó / for him   di / for her
19 an iníon / the daughter  bróga a máthair / her mother's shoes  rómhór / too big
20 éadaí / clothes

## Éadaí 3 - An Aimsir Láithreach chuile lá

**Taitníonn**

1 Taitníonn mo ghúna bándearg liom. Bíonn cnaipí air.
2 Taitníonn mo léine ildaite liom. Ní thaitníonn sé liom a bheith ag déanamh obair bhaile.

**Caitheann**

3 Caitheann na páistí éide scoile dúghorm.
4 Ní chaitheann an muínteoir éide scoile.

**Ceanglaíonn**

5 Ceanglaíonn an peileadóir óg a chuid iallacha.
6 Caitheann na cailíní éadaí peile agus bróga reatha. Ceanglaíonn siad a n-iallacha.

**Athraíonn**

7 Athraíonn an mháthair éadaí an linbh.
8 Athraíonn an déagóir a T-léine bhán. Cuireann sé léine ghorm air.

**Níonn**

9 Níonn Mamaí na héadaí salacha sa mbáisín gorm sa dóirteal.
10 Níonn sí na héadaí salacha sa mheaisín níocháin.

**Tugann**

11 Tugann Daidí amach na héadaí fliucha ón m(h)eaisín níocháin.
12 Cuireann sé na héadaí fliucha isteach sa triomadóir.

**Crochann**

13 Crochann mo chomharsa na héadaí fliucha ar an líne san aimsir mhaith.
14 Bíonn na tuáillí fliucha ar crochadh ar an líne cois farraige.

**Iarnálann**

15 Iarnálann an seanfhear a léine bhán.
16 Iarnálann an fear óg a léine ildaite.

**Baineann…... triail**

17 Baineann an bhean óg triail as péire bríste nua. Bíonn an bríste róbheag di.

18 Baineann an fear óg triail as péire bríste nua. Bíonn an bríste róbheag dó.
19 Baineann an iníon triail as bróga a máthar. Bíonn siad rómhór di.
20 Baineann an iníon triail as éadaí a máthar. Bíonn siad rómhór di.

# Foclóir

**Taitníonn / like**

1 mo ghúna bándearg / my pink dress  cnaipí / buttons
2 mo léine ildáite / my multi-coloured shirt  ag déanamh / doing  obair bhaile / homework

**Caitheann / wears (singular) wear (plural)**

3 na páistí / the children  éide scoile dúghorm / a navy uniform
4 an múinteoir / the teacher

**Ceanglaíonn / ties (singular) Tie (plural)**

5 an peileadóir óg / the young footballer  a chuid iallacha / his laces
6 na cailíní / the girls  éadaí peile / football géar  bróga reatha / running shoes

**Athraíonn / changes**

7 an mháthair / the mother  éadaí an linbh / the baby's clothes
8 an déagóir / the teenager  T-léine bhán / white t-shirt  léine ghorm / blue shirt

**Níonn / washes**

9 Mamaí / Mammy  na héadaí salacha / the dirty clothes  sa dóirteal / in the sink
10 sa mheaisín níocháín / in the washing machine  sa bháisín gorm / in the blue basin

**Tugann / takes**

11 Daidí / Daddy  amach / out  na héadaí fliucha / the wet clothes
12 Isteach / in  triomadóir / the dryer

**Crochann / hangs**

13 mo chomharsa / my neighbour  ar an líne / on the line san aimsir mhaith / in the good weather
14 na tuaillí fliucha / the wet towels  ar crochadh / hanging  cois farraige / by the sea

**Iarnálann / irons**

15 an seanfhear / the old man  a léine bhán / his white shirt
16 an fear óg / the young man

**Baineann .... triail / tries**

17 an bhean óg / the young woman  róbheag / too small  di / for her
18 dó / for him   péire bríste nua / a new pair of trousers
19 an iníon / the daughter  bróga a máthar / her mother's shoes  rómhór / too big
20 éadaí / clothes

## Éadaí 3 - An t-Ainm Briathartha      anois

**Is maith liom**

1 Is maith liom mo ghúna bándearg. Tá cnaipí air.

2 Is maith liom mo léine ildaite. Ní maith liom a bheith ag déanamh obair bhaile.

**ag caitheamh**

3 Tá na páistí ag caitheamh éide scoile dúghorm.

4 Níl an muínteoir ag caitheamh éide scoile.

**ag ceangal**

5 Tá an peileadóir óg ag ceangal a chuid iallacha.

6 Tá éadaí peile ar na cailíní agus tá bróga reatha orthu. Tá siad ag ceangal a n-iallacha.

**ag athrú**

7 Tá an mháthair ag athrú éadaí an linbh.

8 Tá an déagóir ag athrú a T-léine bhán. Tá sé ag cur léine ghorm air.

**ag ní**

9 Tá Mamaí ag ní éadaí salacha sa mbáisín gorm sa dóirteal

10 Tá sí ag ní éadaí salacha sa mheaisín níocháin.

**ag tabhairt**

11 Tá Daidí ag tabhairt amach na héadaí fliucha ón mheaisín níocháin.

12 Tá sé ag cur na n-éadaí fliucha isteach sa triomadóir.

**ag crochadh**

13 Tá mo chomharsa ag crochadh éadaí fliucha ar an líne.

14 Tá na tuáillí fliucha ar crochadh ar an líne cois farraige.

**ag iarnáil**

15 Tá an seanfhear ag iarnáil a léine bhán.

16 Tá an fear óg ag iarnáil a léine ildaite.

**ag baint triail**

17 Tá an bhean óg ag baint triail as péire bríste nua. Tá an bríste róbheag di.

18 Tá an fear óg ag baint triail as péire bríste nua. Tá an bríste róbheag dó.

19 Tá an iníon ag baint triail as bróga a máthar. Tá siad rómhór di.

20 Tá an iníon ag baint triail as éadaí a máthar. Tá siad rómhór di.

# Foclóir

**Is maith liom / I like**

1 mo ghúna bándearg / my pink dress  cnaipí / buttons

2 mo léine ildáite / my multi-coloured shirt  ag déanamh / doing  obair bhaile / homework

**ag caitheamh / wearing**

3 na páistí / the children  éide scoile dúghorm / a navy uniform

4 an múinteoir / the teacher

**ag ceangal / tying**

5 an peileadóir óg / the young footballer  a chuid iallacha / his laces

6 na cailíní / the girls  éadaí peile / football géar  bróga reatha / running shoes

**ag athrú / changing**

7 an mháthair / the mother  éadaí an linbh / the baby's clothes

8 an déagóir / the teenager  T-léine bhán / white t-shirt  léine ghorm / blue shirt

**ag ní / washing**

9 éadaí salacha / the dirty clothes  sa bháisín gorm / in the blue basin  sa dóirteal / in the sink

10 sa mheaisín níocháín / in the washing machine

**ag tabhairt / taking**

11 Daidí / Daddy  amach / out  na héadaí fliucha / the wet clothes

12 isteach / in  triomadóir / the dryer

**ag crochadh / hanging**

13 mo chomharsa / my neighbour  ar an líne / on the line  san aimsir mhaith / in the good weather

14 na tuaillí fliucha / the wet towels  ar crochadh / hanging  cois farraige / by the sea

**ag iarnáil / ironing**

15 an seanfhear / the old man  a léine bhán / his white shirt

16 an fear óg / the young man

**ag baint triail / trying**

17 an bhean óg / the young woman  péire bríste nua / a new pair of trousers  róbheag / too small

18 dó / for him      di / for her

19 an iníon / the daughter  bróga a máthar / her mother's shoes  rómhór / too big

20 éadaí / clothes

**Nótaí Breise**

éide + scoil = éide scoile (TG)

éadaí + peil = éadaí peile (TG)

bróga + rith = bróga reatha (TG)

éadaí + an leanbh = éadaí an linbh (TG)

ó + an meaisín = ón meaisín  ón m(h)eaisín + níochán = ón m(h)eaisín níocháin (TG)

ag ní + éadaí + salach = ag ní éadaí salacha (TG)

ag cur + na héadaí fliucha = ag cur na n-éadaí fliucha (TG)